# Déan Athmhuintearas le do Mhuintir

**Reconcile your People**
**Cymoda dy Bobl**

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2009



churches together IN BRITAIN AND IRELAND

www.ctbi.org.uk/weekofprayer

Bhí pian na deighilte le braistint go géar. Ach in ainneoin an dobhróin threascaigh a mhothaigh sé le stad na tíre, taibhsíodh d'Eizicéil go n-aontófaí pobal Dé an athuair.

Is é geall Dé ná go ndéanfar "aon chine amháin astu sa tír ar shléibhte Iosrael".

Braitheann Eaglaisí na Cóiré go mbaineann an sliocht seo as Eizicéil lena riocht féin ó aimsir Chogadh na Cóiré i leith, nuair a scaoileadh a dtír ina dhá leath, agus tá a gcuid léargas ina thaobh seo tar éis cur le hadhradh na Seachtaine Guí le hAontacht Chríostaí.

Airímid féin pian na hEaglaise scoilte.

Is é a deir "Charta Oecumenica" (Treoirlínte faoi chomoibriú níos mó idir Eaglaisí na hEorpa) ná "Cuireann éagsúlachtaí bunúsacha sa chreideamh coisc ar aontacht cheart. Níor cheart dúinn a bheith sásta leis seo. Lig Íosa Chríost a ghrá agus mistéir an athmhuintearais linn; toisc gur sine a lucht leanúna, ba chóir dúinn é a bheith mar aidhm againn ár ndícheall a dhéanamh na constaicí a scaireann na hEaglaisí óna chéile a dhíbriú."

Is den ríthábhacht é go dtiocfaimis le chéile – pobail eaglaisí agus traidisiúin dhifriúila – chun guí a dhéanamh leis an aontacht seo, in urraim dár dTiarna Íosa Chríost, ghuigh go mbeadh na deisceabail d'aon taobh.

Cuirim mar sin adhradh agus acmhainní na Seachtaine Guí le hAontacht Chríostaí 2009 faoi do chúram, agus tá muinín agam as go gcabhróidh siad leat acmhainní a fháil do do chuid paidreoireachta agus comhoibriú ar mhaithe le haontacht cheart na heaglaise.

**An tUrramach Bob Fyffe**
**Rúnaí Ginearálta**
**Eaglaisí le Chéile, An Bhreatain Mhór agus Éire**

# Lá 1

## Aghaidh a thabhairt ar an Éagsúlacht

| | |
|---|---|
| Eiz 37: 15-24a | Ní bheidh ach aon tréadaí amháin acu go léir |
| Salm 135: 1-5 | Is eol dom gur mór é an Tiarna |
| 1 Cor 3 3-7: 21-23 | Tá éad agus achrann eadraibh |
| Eoin 17: 17-21 | Go mba aon iad go léir |

### Tráchtaireacht

Glaonn Dia chun na haontachta sinn. Nach dtuigimid nach ionann comhfhoirmeacht agus aontacht, ná ilghnéitheacht agus deighilt?

Molann an salmaire glóir Dé; déanann ár gcuid deighiltí scáthú ar shuarachas an nadúir daonna. Is é teachtaireacht an tsoiscéil ná léiriú a dhéanamh ar aontacht an Diochta, arb é an tríonóid aontaithe é.

Bainimid mí-úsáid as an stair le deighiltí a cheadú, agus baintear léamha ar leith as na scrioptúir le Dia a dhéanamh ar ár ndeilbh féin, seachas sinn a dhéanamh ar dheilbh Dé. Ba chóir dúinn athmhuintearas a dhéanamh lena chéile le go gcreidfidh an domhan uile gur sheol an tAthair Críost.

Tagaimis le chéile, ag guí le haontacht, agus déanaimis Críost a ghuí, ag cinntiú a ionchollaithe. Is féidir aontacht le hilghnéitheacht ilghnéitheacht na tríonóide a chur in iúil, agus glóir Dé a léiriú.

### Paidir

A Dhia na hilghnéitheachta,
Glac le;
déan an deighilt an réiteach,
ach lig dúinn glóir a thabhairt duit,
trí mheán na hilghnéitheachta;
lig linn a mhórga is atá tú.
Áiméan.

### Gníomh

Léigh iomann nó paidir ó thraidisiún eile agus tú ag léamh do chuid paidreacha laethiúla an tseachtain seo.

# Lá 2

## Aghaidh a thabhairt ar an bhForéigean

| | |
|---|---|
| Ís 2: 1-4 | Ní chleachtfaidh siad cogadh níos mó |
| Salm 74: 18-23 | 'Ná déan dearmad go deo ar anam na mbocht' |
| Peadar 2: 21-25 | Trína chréachtaí a cneasaíodh sibh |
| Mt 26: 50-54 | Cuir do chlaíomh ar ais ina áit féin |

### Tráchtaireacht

Constaicí móra i gcoinne na haontacht is iad an cogadh agus an foréigean. Eascraíonn siad as deighiltí laistigh dár bpobail, agus as an sotal a chuireann le héagóir agus fóréigean an lae inniu.

Nuair a théann fearg agus foréigean i bhfeidhm ar dheisceabail Íosa ar bhonn ródhaonna, múineann sé éadairbhe an fhoréigin dúinn (Mt 26: 51 - 52).

Nochtaigh Íosa paradaics an fhoréigin dúinn nuair a bhásaigh sé ar an gcros. Nuair a rinneadh iomlán an pheaca a thairneáil leis an gcros trína bhás, chuir Íosa tús leis an gcruthú nua.

Is tríd an dóchas seo, atá bunaithe ar an mbás a d'fhulaing Íosa ar an gcros, a dhéantar sinn a mhisniú sa tslí is gur féidir linn leanúint ar aghaidh, ag feitheamh le haontacht, agus deireadh an chogaidh agus an fhoréigin uile.

### Paidir

A Íosa,
Bhásaigh tú ar an gcros le go mba aon sinn go léir. Léirigh trócaire – fiú dóibh sin a léirigh fuath dúinn – le go mbainfidh cách as síocháin agus gliondar do chruthaithe. Go n-oibrímid ar son do cheartais.
Áiméan.

### Gníomh

Cé mhéad coimhlintí airm ar féidir leat iad a lua?

# Lá 3

## Aghaidh a thabhairt ar an mBochtanas

| | |
|---|---|
| Zafainiá 2:3; 3:12-13 | Is d'aon turas a fhágann Dia na boicht i gcroílár ár bpobal |
| Sailm 145 | Is é a thugann bia ocrach |
| 1 Cor 1: 26-31 | God's preference is for the poor, the weak and without influence. |
| Matha 5: 1-11 | Na Biáide |

### Tráchtaireacht

Is ró-fhollasach an bhoctaineacht atá in Darfur. Tá an bhoctaineacht againn inár dtír féin ar ndóigh, agus bíodh is go bhfuil sé difriúil, gur caolchúisí é, ní hionann é sin agus a rá gur lú práinne a bhaineann leis.

Ní suáilce é an bhochtaineacht, ach ní haon pheannaid é ach an oiread. Bíonn cuid againn ar an ngannchuid toisc go mbíonn daoine eile róshantach, agus nár aithin siad gur tíolacadh ó Dhia uile atá againn, agus gur theastaigh uaidh go roinnimis é.

In ainneoin na bpolaisaithe eacnamaíocha, tá na boicht linn i gcónaí. Ach, ó tharla gur roghnaigh Íosa teacht anuas agus teagbháil fhisiceach a dhéanamh linn, in áit na teoiriciúlachta loime, d'athraigh Íosa saol na ndaoine ar bhuail sé leo ó bhonn.Thug sé an Dea-Scéala dóibh, agus mhínigh dóibh go raibh tábhacht leo mar indibhidí, agus nach mbeidis dofheicthe a thuilleadh. Tasc is ea é sin dúinne.

### Paidir

Tabhair dúinn inniu ár n-arán laethiúil.
Is ó do lámha a thagann torthaí maithe an domhain, a Dhia. Faraor, ní roinntear an líonmhaireacht seo go cothrom eadrain féin. Cé go mbíonn cuid againn sásta, bíonn cuid eile againn anásta. Is minic a bhaintear mí-úsáid as mná toisc gur gá dóibh aire a thabhairt dá bpaistí, agus iad a bheathú. Ní gá dúinn ach a bheith meabhrach, agus an phaidir a rá gach lá: Tabhair dúinn ár n-arán laethiúil. Áiméan.

World Day of Prayer Committee, Maenmar 1989. Arna phriontáil le cead an World Day International Committee

### Gníomh

Téigh amach ag siúl i measc na limistéar is mó bochtaineachta i mo cheantar, agus féách cá mhaireann daoine, agus conas a mhaireann siad ann.

# Lá 4

## Aghaidh a thabhairt ar an gCruthú

| | |
|---|---|
| Gein 1: 31-2:3 | Chonaic Dia gach a ndearna sé |
| Salm 148: 7-13 | Glóir Dé sa chruthú |
| Rom 1: 18-23 | Ciontacht na daonnachta |
| Mt 13: 31-32 | An gráinnín síl is lú |

### Tráchtaireacht

I dtús báire, chruthaigh Dia neamh agus talamh agus gach dá bhfuil iontu, agus chuir sé faoi chúram an chine daonna iad.

Ach bhaineamar mí-úsáid as an tíolacadh seo, agus bhaineamar sochar as acmhainní an domhain, agus thugamar drochíde do na beithígh uile. Bímid míchúramach ag baint úsáide as domhain Dé, cé go mbraithimid air; is é ár n-áitreabh é. Léiríonn Pól nár chomhlíonamar plean Dé.

Táimid freagrach go trom sa drochchor atá faighte ag cruthú Dé. Is mithid dúinn anois chomhoibriú lena chéile chun iarmhairtí ár gcuid santais a chneasú. Ní mór do gach Chríostaí teacht le chéile chun an cruthú a shábháil.

### Paidir

A Dhia an chruthaithe,
Rinneamar dearmad gur chuir tú ar an domhan sinn le cúram a dhéanamh de, chun é a bhuanú dár bpáistí, agus do phaistí ár bpáistí.
Déanaimid aithrí inár gcuid sainte, agus tiomnaímis comhoibriú lena chéile, de réir céimeanna beaga, le sláine an chruthaithe a athshlánú.
Áiméan.

### Gníomh

Déan macnamh ar na slite ina bhféadfá do shaol a athrú.
Smaoinigh ar Fháthscéal an tSíl Mhustaird, a léiríonn an chaoi gur féidir le mionghníomh an fhadhb is mó réiteach.

# Lá 5

# Aghaidh a thabhairt ar an gClaontacht

| | |
|---|---|
| Íseáia 58: 6-10 | Bí dea-bheathach |
| Salm 8 | Bíodh umhlaíocht agat |
| Gal 3: 26-29 | Léirigh ionannas |
| Lúc 18: 9-14 | Fainic foshuíomhanna |

## Tráchtaireacht

I dtús báire, cruthaíodh an cine daonna ar dheilbh Dé. Dé réir a chéile áfach, chuaigh peaca i bhfeidhm ar chroíthe daoine, agus táimid tar éis go leor claonta a tharraingt chughainn ó shin.

Foinse coimhlinte is iad cúinsí idirdhealaithe diúltacha, agus déanann siad sinn a dhídhaonnú. Níl aon slí le díspeagadh i gcroíthe na gcreidhmheach.

Ba chóir dúinn uile sreachailt le chéile in aghaidh an idirdhealaithe. Is í aidhm na Críostaíochta ná athbhunú na haontachta Críostaí. Is é ár ndóchas coitianta é chomh maith mar is aon sinn uile i gCríost, agus ní ann do Ghiúdach, ná Gréigeach, daor ná saor, fear ná bean, a thuilleadh.

## Paidir

A Thiarna, cabhraigh linn dochar an idirdhealaithe a aithint.
Déan ár súile a dhíriú, agus cabhraigh linn ár gclaonta féin a admháil.
Múin dúinn cén chaoi leis an díspeagadh a dhíbriú, le go mbraithimis lúchair na haontachta.
Áiméan.

## Gníomh

Smaoinigh ar do thaithí féin ar an díspeagadh, taithí dhaoine a bhfuil aithne agat orthu, arbh fhéidir leo scéal a insint i dtaobh an idirdhealaithe.

# Lá 6

# Aghaidh a thabhairt ar an bhFulaingt

| | |
|---|---|
| II Ríthe 20: 1-6 | Cuimhnigh orm a Thiarna! |
| Sailm 22: 1-11 | Cad chuige ar thréig tú mé? |
| Séamas 5: 13-15 | "Déanfaidh urnaí an chreidimh an t-othar" |
| Marcas 10: 46-52 | "Cad ab áil leat mé a dhéanamh duit?" |

## Tráchtaireacht

Díríonn pian an aigne, agus mar sin, ní féidir neamhaird a dhéanamh di. Bhí an Rí Hiziciá i bpian, agus dúradh leis gur thinneas foireanta a bhí ann. Freagraíodh a ghuí, agus cneasaíodh é, ach d'fhéadfaí gur chuir na blianta breise dá shaoil le fulaingt dá mhuintir. Is féidir paidreoireacht a bheith contúirteach, agus is cuid é seo d'eachtraíocht an chreidimh.

Is dócha gur léir gur theastaigh ó Bhartaiméas fís a bheith aige, ach ba é trócaire ba mhó a lorg sé ó Íosa. Dhéanfadh an cneasú a shaol a athchóiriú ó bhonn, agus níor bhacach dall é feasta. Mar sin, fiafraíonn Íosa de cad atá ar a chroí, cad atá uaidh. Is féidir paidreoireacht a bheith suaiteach, ach is féidir leis tarraingt ar shláine níos mó chomh maith.

## Paidir

A Thiarna Íosa Chríost,
a cuimsíodh leis an gCros,
a d'éigh i bpian thréigin Dé
a céasadh agus é ina laige,
cabhraigh linn pian na ndaoine a bhfuil lagú coirp agus mí-eagar meabhrach orthu a thuiscint, ionas nach gcoinneofar siar sa bhreis iad trínár n-aineolas.
Áiméan.

## Gníomh

Tabhair faoi aistear a bhfuil tú i gcleachtadh air, ach tabhair faoi dara an uair seo na constaicí uile a chuirfeadh bac ar dhuine a mbeadh lagú físe nó maolghluaisteacht orthu. Beartaigh le daoine eile cad ba cheart daoibh a dhéanamh lena bhfuil aimsithe agat.

# Lá 7 Aghaidh a thabhairt ar an Éagsúlacht

| | |
|---|---|
| Eacsadas 23.9-12 | Ná déan leatrom ar an deoraí |
| Salm 117 | Molaigí an Tiarna, a chiníocha uile; moladh na náisiúin go léir é. |
| Gníomh 17.16-34 | Dialóg nua |
| Lúcás 10.25-37 | An Samárach Maith |

## Tráchtaireacht

Mairimid ar dhomhan a bhfuil go leor creideamh ann. Tá daoine de chreidimh dhifriúla inár bpobail féin. Táimid braitheach ar shuíomhanna ina bhfuil teannas, foréigean go fiú, idir dhaoine de chreidimh dhifriúla.

Ní mar seo atá sé i gcónaí, agus go dearfa, éiríonn leis na Críostaithe agus na Búdaithe sa Chóireá maireachtáil taobh lena chéile faoi shíocháin choibhneasta, agus go háirid gan doiteadh fola. Glaonn Íosa orainn grá, trócaire, agus flaithiúlacht a thaispeáint dóibh siúd nach bhfuil cosúil linne, fiú dóibh siúd a eitíonn dúinn, agus dóibh siúd a bhfuil gráin acu orainn.

Ní chuireann dialóg isteach ar ionracas, ná ar fhéiniúlacht na Críostaíochta, ach léiríonn sé mothúcáin an fhéin, a thugann grá Dé in Íosa Críost.

## Paidir

A Dhia Uilechumhactach,
Guímis go bhfailtímis roimh an tuiscint.
Guímis go mbeimis toilteanach grá a léiriú don chomharsa, agus, ag brath ar do threise,
go mairfimis de réir do Shoiscéil ghrá agus trócaire.
Áiméan.

## Gníomh

Breathnaigh ar an bhfoilsiúchán de chuid Eaglaisí Le Chéile, An Breatain Mhór agus Éire dár teideal *Above Us and Between Us**, arb acmhainn é chun caidreamh Chríostaí-Moslamach a fhorbairt, agus féach le hé a chur i bhfeidhm i do phobal áitiúil.

*ar fáil anois ar £5, nó saor in aisce mar íoslódáil ar shuíomh idirlín Eaglaisí Le Chéile, An Bhreatain Mhór agus Éire (www.ctbi.org.uk/302/)

# Lá 8 Aghaidh a thabhairt ar an Dóchas

| | |
|---|---|
| Éizicéil 37.1-14 | Fís na gcnámh seargtha |
| Sailm 104. 24-34 | Athnuachan aghaidh na talún |
| Apacailipsis 21. 1-5a | Gach aon ní á dhéanamh nua |
| Matha 5.1-12 | "Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad" |

## Tráchtaireacht

Ní mar a shíltear a bhítear maidir leis an dóchas: uaireanta is mó uallach a bhaineann leis ná lúchair. Agus uaireanta eile, is mó fáilte a bhaineann leis an eadóchas ná gur mhaith linn a admháil. Tugann an dóchas le tuiscint go dtiocfaidh athrú dearfach, ach nuair a theipeann air sin arís agus arís eile, is furasta na guaillí a chroitheadh, agus a éirí as, a rá nach bhfuil dearbh leis.

Foinse dóchais atá sa mhéid is gur "méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad", mar a mbeadh anáil do chnámha tirime. Tá tábhacht mhór ag baint le dóchas sa chreideamh a bhraitheann ar an aiséirí, ina ndéantar gach rud a athnuachan; scoilt a chneasú, agus coimhlint a réiteach. Ach is as an mbriseadh a thagann an dóchas seo. Aisteach go maith, is é is dóichí de gur nuair atá an dóchas ar tí a bheith caillte againn go dtiocfaimis air an athuair.

## Paidir

A Dhia, guímid leat go bhfuilimid briste:
briste, agus lom lenár ndomhan agus lenár na n-Eaglais bhriste agus spruánach;
briste, agus ar shlí dhóchas na hathnuachana;
Téann an cneasú chun na sláine agus chun na haontachta sin i bhfeidhm orainn.
Áiméan.

## Gníomh

Caith siúl siar ar a bhfuil léite agus foghlamtha agat i rith na n-ocht lá, agus déan machnamh ar Eaglaisí Le Chéile, An Bhreatain Mhór agus Éire.

# Ag Baint Úsaide as an tSeirbhís

Beidh dhá phíosa adhmaid agus roinnt téide no sreinge de dhíth ort i rith na seirbhíse. Ba chóir go mbeadh an t-adhmad 4 troithe ar fad, agus 4 troithe is 2 órlach ar leithead (D'fhéadfaí bataí bambú a úsáid chomh maith le cloí leis an téama Cóireach). Ba chóir sreang láidir a úsáid, ach ba chóir go mbeadh solúbthacht ag baint leis, ar nós corda saise.

Tá na Cóireáigh, tionscnóirí ábhar na bliana seo, braiteach ar an deighilt idir taobh ó thuaidh agus taobh ó dheas na tíre sin. Tá clanna ann nár bhuail na deartháireacha agus deirfiúracha lena chéile le caoga bliain nó mar sin. Ós mar sin atá sé, d'fhéadfaí tús a chur leis an tseirbhís seo le comhartha na síochána a mhalartú, de réir an ghnáthaimh áitiúil.

I rith an léamha as Eizicéil, seasann triúir ar leataobh, duine amháin acu leis an téad, agus an bheirt eile le píosa adhmaid an duine. Ag pointe áirithe sa léamha, stadann an léitheoir. Cuirtear an dá phíosa adhmaid ar a bhfad lena chéile, agus déantar iad a cheangailt lena chéile ag a lárphointí (d'fhéadfaí marc a dhéanamh roimh ré leis seo a thaispeáint).

I ndiadh an léamha as Rómhanaigh, i rith an iomainn, féadtar na píosaí adhmaid a rothlú mórthimpeall ar an gceangal, agus iad a fháisceadh síos ar chrut na croise. Coinnítear taobh thiar den léitheoir é i rith an léamha Soiscéil, agus cuirtear faoi bhráid na ndaoine é i rith chuid eile na seirbhíse.

Is féidir an chros seo a roinnt de réir mar is gá idir na pobail éagsúla sa ghrúpa Eaglaisí le Chéile i rith na bliana.

Is moladh amháin atá sa mhéid seo agus is féidir é a mhúnlú de réir cúinsí áitiúla más gá. Is féidir é a íoslódáil chomh maith ar shuíomh idirlín Eaglaisí le Chéile, de réir caoithiúlacht eagarthóireachta.

# An tSeirbhís

## Bailiú

Baintear clog nó gang

## Iomann nó Amhrán

D'fhéadfaí iomann oiriúnach a chanadh.

## Beannú

Tá an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2009 bunaithe ar eispéaras eaglaisí na Cóireá. I gcomhthéacs na deighilte náisiúnta, tá na heaglaisí tar éis dul ar iontaoibhe an fháidh Eizicéil, a mhair i dtír a raibh deighilt ghéar ann, agus é ag caitheamh i ndiadh aontacht a dhaoine. Beannaíonn Críostaithe na Cóireá dá chéile, agus guíonn síocháin ar a cheile leis na focail chéanna is atá againnse anois:

## Comhartha na Síochána

CEANNAIRE Síocháin Dé leat!

CÁCH Agus leat féin!

CEANNAIRE Táirgeadh síocháin daoibh.
Plandaíodh síocháin Dé ionaibh.
Cuir solas na síochána ar bun go mbaine cách tairbhe as.

CÁCH Áiméan! Go bhfanaimis faoi shíochán!

## Paidir Teachta

CEANNAIRE Tagaigí anall i dtreo Dé!

CÁCH Is tusa ár bhfoinse dóchais.

CEANNAIRE: Mairimid ar dhomhain,
Ar a bhfuil tíortha scoilte,
Ar a bhfuil treibheanna i gcogadh lena chéile,
Ar a gcoinnítear an daibhir faoi chosa an tsaibhir,
Agus ar a mbíonn na boicht in iomaíocht lena chéile,
Agus iad ar tóir na ngrabhróga.
Déantar corp Chríost a bhriseadh go fiú –
Críostaí in aghaidh an Chríostaí.
Tagann ár scoilt trasna orainn.

*GUTH:* *Screadaim as na duibheagáin ort, A Thiarna,*
*A Thiarna, éist le mo ghuth!*

CÁCH Ó, gurbh braiteach do chluasa
Ar impí mo ghutha,

*GUTH:* *Mura ndéanfá, A Thiarna, neamhshuim dár gciontacht, cé a mhairfeadh?*

CÁCH Ach tá trócaire ionat;
Agus déanaimid tú urramú dá réir seo.

## Iomann nó Cantaireacht

(Iomann molta oiriúnach)

CEANNAIRE God spoke to the Prophet Ezekiel and
said, “They shall be one in my hand.
They will be my people and I shall be their God.”
And so we pray:

CÁCH We pray to you for the unity of all Christians
According to your will,
According to your means.
May your Spirit enable us to experience the
suffering caused by division,
To see our sin and to hope beyond all hope.

CEANNAIRE God, you alone are our hope.

CÁCH You alone are our hope.

## Liotúirge an Domhain

**Léamha ón bhfáidh Éizicéil,**
**caibidil 37, véarsaí 15—24a**

Tháinig briathar an Tiarna chugam: “A mhic an duine, glac chugat bata agus scríobh air: ‘Thar ceann Iúdá agus chlann Iosrael i gcomhar leis.’ Glac bata eile ansin agus scríobh air: ‘Thar ceann Iósaef, bata Eafráim, agus muintir Iosrael uile atá i gcomhar leis.’ Táthaigh le chéile iad in aon bhata amháin ionas go mba aon bhata amháin i do láimh iad. Nuair a deir do mhuintir leat: ‘Mínigh ciall an scéil seo dúinn’; abair leo: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tá mé chun bata Iósaef, atá i lámha Eafráim, a thógáil, agus clanna Iosrael atá i gcomhar leis; agus táthóidh mé le bata Iúdá é. Déanfaidh mé bata amháin astu ionas go mba aon iad i mo láimhse.’

(tarraingítear an dá phíosa adhmaid anuas ag an bpointe seo, agus ceanglaítear le chéile iad)

Nuair a bheidh na bataí ar a scríobhfaidh tú i do láimh os a gcomhair, abair leo: ‘Seo mar a deir anTiarna Dia: Féach, glacfaidh mé chugam clann Iosrael ó na ciníocha mar a ndeachaigh siad. Baileoidh mé le chéile iad ó gach taobh agus seolfaidh mé abhaile iad chun a dtíre féin. Déanfaidh mé aon chine amháin astu sa tír ar shléibhte Iosrael, agus aon rí amháin a bheidh ina rí orthu uile. Ní bheidh dhá chine iontu a thuilleadh ná ní bheidh siad deighilte ina dhá ríocht. Ní thruailleoidh siad iad féin a thuilleadh lena n-íola agus a

nithe gránna ná le haon chuid dá bpeacaí. Fuasclóidh mé iad ó na bearta fill ina raibh siad ciontach, agus glanfaidh mé iad. Beidh siadsan mar phobal agamsa agus beidh mise mar Dhia acusan. Beidh Dáiví, mo sheirbhíseach, ina rí orthu, agus ní bheidh ach aon tréadaí amháin acu go léir.

**D'fhéadfaí iomann, amhrán nó cantaireacht oiriúnach a chanadh**

**Léamha as Litir Phóil chuig na Rómhánaigh**
**caibidil 8, véarsaí 18-25**

Measaim nach fiú le háireamh pianta na huaire seo le hais na glóire atá le foilsiú dúinn. Mar tá an dúlra féin ag tnúth go díocasach le foilsiú chlann Dé. Cuireadh an dúlra freisin ó rath, ní dá dheoin féin ach mar gheall ar an té úd a chuir ó rath é, ach i ndóchas; mar fuasclófar an dúlra féin ó dhaoirse na truaillitheachta, chun saoirse ghlórmhar chlann Dé. Is eol dúinn go ráibh an chruthaíocht go léir le chéile go dtí anois ag cneadach le tinneas mar a bheadh sí ar a leaba luí seoil. Agus ní hé an dúlra amháin atá amhlaidh ach sinne féin chomh maith; cé go bhfuil céadtorthaí an Spioraid againn cheana féin, táimidne ag cneadach freisin inár gcroí istigh agus sinn ag feitheamh le go ndéanfar clann dínn,agus go mbeidh ár gcorp fuascailte. Le dóchas a slánaíodh sinn. Ach an dóchas a fheictear ní dóchas é feasta, mar conas a bheadh duine ag tnúth le rud a bheadh ina fhianaise? Ach ó táimidne ag súil le rud nach bhfeicimid táimid ag feitheamh go foighneach.

**D'fhéadfaí cantaireacht oiriúnach a chanadh.**

**Léamha ón Soiscéal Naofa de réir Eoin 10.14-16**

Ach is mise an sáraoire,
agus aithním mo chuid féin,
agus aithníonn mo chuid féin mé,
faoi mar a aithníonn an tAthair mé,
agus mar a aithnímse an tAthair.
Agus tugaim mo bheatha ar son mo chaorach.
Tá caoirigh eile agam chomh maith,
nach den chró seo iad.
Ní foláir dom iad sin a thabhairt chomh maith,
agus éistfidh siad le mo ghlór,
agus beidh aon tréad amháin ann,
agus aon aoire amháin.

# Aitheasc nó Athmhacnamh

Fantar i dtost ar feadh tamaill.

**D'fhéadfaí iomann oiriúnach a chanadh**.

## Paidreacha Idirghuítheacha

| | |
|---|---|
| CEANNAIRE | Déanaimis Dia a ghuí i gcreideamh – An tAthair, An Mac, agus an Spiorad Naofa |
| CEANNAIRE | A Dhia, a ghlaonn chun na haontachta sinn, |
| CÁCH | Éist linn, a ghuímis. |

Is féidir orduithe molta i gcomhair paidreacha idirghuítheacha a fheiceáil ag www.ctbi.org.uk/weekofprayer.

# Paidir an Tiarna

Ár n-athair, atá ar neamh: go naofar d'ainm.
Go dtaga do riocht.
Go ndéantar do thoil ar an talamh, mar dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethiúl tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar mhaithimid dár bhféichiúnaithe féin.
Agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.
Óir is leatsa an Ríocht agus an Chumhacht agus an Ghlóir, tré shaol na saol.
Áiméan.

# Paidir Chomhgháire agus Thiomantais

Déanann baill na n-eaglaisí rannpháirteacha an chomhgháir seo a leanas a threorú. Tugtar cuireadh do chách freagairt a dhéanamh i ngach cás.

LÉITHEOIR Is beannaithe tú a Chríost:

CÁCH Foinse dóchais is ea do chros nuair a fhágtar gan dóchas sinn.

LÉITHEOIR Is beannaithe tú a Chríost:

CÁCH Treoir is ea do chros nuair a chuirtear ar seachrán sinn.

LÉITHEOIR Is beannaithe tú a Chríost:

CÁCH Solas is ea do chros nuair a dhalltar istoíche sinn.

LÉITHEOIR Is beannaithe tú a Chríost:

CÁCH Foinse nirte is ea do chros nuair a ligtear i bhfaillí sinn.

LÉITHEOIR Is beannaithe tú a Chríost:

CÁCH Fuascailteoir is ea do chros nuair a choinnítear faoin gcos sinn.

LÉITHEOIR Is beannaithe tú a Chríost:

CÁCH Fís síochána is ea do chros nuair nuair a bhuairtear sinn.

LÉITHEOIR Is beannaithe tú a Chríost:

CÁCH Fórsa aontachta is ea do chros nuair a scaoiltear óna chéile sinn.

CEANNAIRE A Dhia uile an domhain:

CÁCH Is i do chros gur aon sinn.
Is ionat an grá, A Chríost, agus déanfaidh an grá sinn a fhuascailt.
I nGeitséamainí, ag bun na croise,
Ag an tuama folamh, agus ar an mbóthar,
cabhraigh linn tú a aithint,
le go bhfaighimis
uisce don íotach,
beatha don ocrach,
scáthlán don strainséir,

dídean don deoraí,
leigheas don othar,
saoirse don daor,
grá dóibh siúd gan grá.

**D'fhéadfaí iomann oiriúnach a chanadh.**

## An Díbhe

Mar táim cinnte dearfa de nach bhféadfaidh bás ná beatha, aingil ná prionsaí ná cumhachtaí, nithe atá ann anois ná nithe atá le teacht, an domhan thuas ná an domhan thíos, ná dúil chruthaithe ar bith eile sinn a scaradh ó ghrá Dé atá in Íosa Críost ár dTiarna.
(Rómhánaigh 8: 38-39)

## An Beannú

Baintear clog nó gang

Is as An Bíobla Naofa a thógtar na hathfritotail scrioptúir anseo istigh, cóipcheart © 1981, arna fhoilsiú ag An Sagart, agus is de chaoinchead a úsaidtear iad. Gach ceart ar cosaint.

Arna fhoilsiú ag Churches Together, Great Britain and Ireland
Bastille Court, 2 Paris Garden, London SE1 8ND

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta.
Uimhir Chláraithe: 5661787
Uimhir Charthanacht chláraithe: 1113299

**Cóipeanna priontáilte ar fáil ó:**
Norwich Books and Music
St Mary's Works, St Mary's Plain
Norwich NR3 3BH
Tel: 01603 612914
Fax: 01603 624483

**Íoslódálacha agus Orduithe Gréasáin:**
www.ctbi.org.uk/weekofprayer